

# Éire agus an Chéad Chogadh Domhanda - Bá an R.M.S. Leinster

## ■ Torthaí Foghlama

- Déan forbairt breise ar thuiscint imeachtaí an Chéad Chogaidh Dhomhanda agus an tionchar a bhí aige ar Éirinn.
- Pléigh conas a ndeachaigh bá an R.M.S. Leinster i bhfeidhm ar dhaoine aonair.
- Scrúdaigh cáipéisí príomhfhoinse.
- Déan ceangal le staidéir ranga agus le réamh-eolas.

## ■ Roinnt Smaointe le Tosú:

1. Téigh go dtí an Amlíne agus an Léarscáil Idirghníomhach.
  - a). Chun faisnéis faoi Éirinn agus an Chéad Chogadh Domhanda a athbhreithniú, féach ar an alt faoi Edward Heffernan.
  - b). Mar rang uile nó i ngrúpaí, scríobhaigí síos na bealaí ina ndeachaigh an Chéad Chogadh Domhanda i bhfeidhm ar shaol na ndaoine a bpléadh ar an Amlíne.
2. Iarr ar mhic léinn smaoineamh ar longa ar bith a bhfuil baint acu le stair na hÉireann agus aon faisnéis atá ábhartha leo a scríobh síos. Roinn na pointí seo leis an rang.
3. D'fhéadfadh mic léinn ullmhú don cheacht seo trí eangach forbhreathnaithe a chruthú chun an Chéad Chogadh Domhanda a léiriú. Ba chóir go mbeadh sé mar aidhm ag mic léinn na 5 C's a áireamh: Cé, Cad, Cathain, Cá háit agus Cén Fáth? Pléigh agus déan an obair seo a mheas sa rang. Is féidir leis na mic léinn comhoibriú chun tuilleadh a forbairt a dhéanamh ar a gcuid oibre.

## ■ The R.M.S. Leinster

Ba leis an gComhlucht Paicéad Gaile Chathair Bhaile Átha Cliath (The City of Dublin Steam Packet Company) an R.M.S. Leinster agus bhí sí á reáchtáil acu chun seirbhís poist agus paisinéirí a chur ar fáil ó Bhaile Átha Cliath go Caergybi (Holyhead) na Breataine Bige. Bhí ceithre long sa loingear agus tugadh ainmneacha na cúigí Éireannacha orthu. Ar maidin an 10 Deireadh Fómhair 1918, d'fhág an R.M.S. Leinster Dún Laoghaire (ar a tugadh Kingstown ag an am) agus gar do 800 duine ar bord. Ba bhaill den arm:



(Cárta poist an R.M.S. Leinster, 1897)

saighdiúirí, mairnéalaigh, aerfhir agus banaltraí formhór na bpaisinéirí agus cuid acu ag filleadh ar an gcogadh tar éis saoire. Bhí an criú agus paisinéirí sibhialta ann freisin chomh maith le fostaithe Oifig an Phoist a bhí ag obair sa seomra poist ag sórtáil litreacha agus pacáistí i gcomhair an chéad chéim eile den turas.

## ■ An Chéad Chogadh Domhanda

Bhí ceithre bhliain caite ag an am seo ó thosaigh an Chéad Chogadh Domhanda. Cé go raibh an cogadh ag druidim chun chríche, bhí an tsíocháin fós le teacht agus lean an troid ar aghaidh.

Le linn an chogaidh ar muir, bhain Cabhlach Ríoga na Breataine úsáid as imshuí chun stop a chur le soláthairtí An Ghearmáin a bhaint amach agus chuaigh siad ar phatról na bhfarraigí ar thóir long Gearmánacha. Bhí tionchar mór ag na himshuí ar allmhairí bia agus soláthairtí a bhí riachtanacha don Ghearmáin. Cuireadh go mór isteach ar na slabhraí soláthair d'fhonn an namhaid a lagú.

Baineadh úsáid as U-bháid Ghearmánacha (fomhuireáin mhíleata) chun ionsaithe faoi uisce a dhéanamh ar an gCabhlach Ríoga agus ar longa comhghuaillithe na Breataine. Agus iad ag iarraidh stop a chur le soláthairtí An Bhreatain a bhaint amach, rinne U-bháid ionsaí ar longa tráchtála. Bhí earraí agus paisinéirí á n-iompar ag na longa seo.

Cuireadh an R.M.S. Connaught, a bhain leis an gComhlucht Paicéad Gaile Chathair Bhaile Átha Cliath, i seirbhís Arm na Breataine le linn an chogaidh. Bhuail toirpéad U-bhád sa Mhuir nlochta í agus chuaigh sí go tóin poill. Bhí longa san Atlantach, sa Mhuir Cheilteach, agus i Muir Éireann go leanúnach í mbaol ionsaí. Maraon leis an dá long eile a bhí fágtha i loingeas an chomhluchta, péinteáladh an Leinster i nduathnócht agus feistíodh gunnaí uirthi.<sup>1</sup>

## ■ Cad atá ar eolas agat faoin Lusitania?

I mí Bealtaine na mbliana 1915, rinne U-bhád Gearmánach ionsaí ar an Lusitania agus chuaigh sí go tóin poill amach ó chósta Chontae Chorcaí. Fuair beagnach 1,200 duine bás, ina measc 128 saoránach Mheiriceá. Bhí Na Stáit Aontaithe fós neodrach sa chogadh, ach d'éiligh Rialtas Mheiriceá go stopfaí ionsaithe ar longa tráchtála, agus chuir an Ghearmáin stop lena feachtas neamhshrianta ionsaithe ar muir. Agus iad ag iarraidh an bua a fháil ar na Comhghuaillithe, thosaigh an Ghearmáin na hionsaithe neamhshrianta arís ag tús na bliana 1917 agus, laistigh de chúpla mí, d'fhógair na Stáit Aontaithe cogadh ar an nGearmáin. Bhí ionsaithe fomhuirí na Gearmáine ar cheann de na príomhchúiseanna le rannpháirtíocht Mheiriceá sa Chéad Chogadh Domhanda.

## ■ 10 Deireadh Fómhair 1918

Thug an Leinster aghaidh ar an bhfarraige roimh 9am, agus go gairid roimh 10am scaoil an chéad cheann de thrí toirpéad i dtreo na loinge. Dúirt roinnt paisinéirí níos déanaí gur cheap siad go bhfacadar deilf nó míol mór ag bogadh tríd an uisce. Séard a chonaic siad i ndáiríre ná toirpéid ag teacht ón U-bhád Gearmánach UB-123.<sup>2</sup> Chuaigh an chéad toirpéad ar fóraoil. Ag iarraidh na paisinéirí a shábháil, seoladh na báid tarrthála agus d'éirigh

<sup>1</sup> Philip Lecane, 'Remembering the RMS Leinster: the greatest ever loss of life in the Irish Sea' in Century Ireland <https://www.rte.ie/centuryireland/index.php/articles/remembering-the-rms-leinster-the-greatest-ever-loss-of-life-in-the-irish-se>

<sup>2</sup> Ibid.

<sup>3</sup> *The Irish Independent*, 11 Deireadh Fómhair, 1918.

leis an Leinster an SOS a chraoladh. Bhuail an dara toirpéad bord clé na loinge - ba anseo a bhí seomra sórtála an phoist suite. Buailleadh arís í ar an deasbord agus chuaigh sí síos go tapa. Dúirt oifigeach a tháinig slán as leis na nuachtáin gur ‘bhriseadh an long síos ina gcipíní’.<sup>3</sup>

D’fhan na daoine nár maraíodh sna báid tarrthála, agus rug cuid acu greim ar smionagar na loinge. Mar gheall ar fharraigí troma, ba mhall agus ba chontúirteach í an obair tarrthála. Tarraingíodh captaen na loinge, William Birch, ón uisce isteach i mbád tarrthála. D’iompaigh an bád tarrthála faoi níos déanaí agus é fós i mbun na paisnéirí á tarrtháil agus cailleadh William Birch ina measc. Ba cheann de na longa a sheol amach chun cabhrú leis an obair tarrthála ná an Helga: an long chéanna a úsáideadh chun cathair Bhaile Átha Cliath a bhlaosc le linn Éirí Amach 1916. Ghlac Saorstát na hÉireann seilbh ar an Helga i ndiaidh na Saoirse agus athainmníodh an Muirchú í.

Agus ar a thuras ar ais go dtí an Ghearmáin, bhuail UB-123 mianach i mBaráiste Mianach na Mara Thuaidh (amach ó chósta thoir thuaidh na hAlban, in aice le hInse Orc). Bhí criú that ar 36 mairnéalach ar bord an U-bháid. Níor tháinig éinne slán as.

Mí amháin tar éis dul faoi an R.M.S. Leinster, síníodh an Sos Cogadh agus tháinig deireadh leis an gCéad Chogadh Domhanda an 11 Samhain 1918. Ba é líon báis oifigiúil an Leinster ná 501 duine, an líon beatha is airde a chailleadh riamh ar Mhuir Éireann. Cuireann an taighde stairiúil is déanaí an líon báis iarbhrí ag 569.<sup>4</sup> Tugadh go leor a fuair bás ar ais chun adhlactha chuig a dtíortha dúchais, lena n-áirítear Sasana, Ceanada agus Meiriceá. Adhlacadh líon mór an lucht míleata i Reilig Mhíleata Gráinseach Ghormáin. I bliana na 1990idí, ardaíodh ancaire an Leinster ón bhfarraige agus cuireadh é in aice leis na céanna i nDún Laoghaire.

## ■ Reilig Ghlas Naíon

Seo thíos faisnéis faoi chuid acu siúd a bhí ar bord an R.M.S. Leinster agus atá curtha i Reilig Ghlas Naíon.

## ■ John Higgins

Bhí cónaí ar John Higgins in aice le Reilig Glas Naíon i gCearnóg na Radharc. D’oibrigh sé mar Sórtálaí in Ardoifig an Phoist. B’eisean an t-aon oibrí poist amáin a tháinig slán ó bhá an R.M.S. Leinster. Nuair a bhuail an toirpéid, dhoirt an t-uisce isteach sa tseomra sórtála poist. Bhí Higgins in ann greim a choinneáil ar na sreanga leictreacha agus d’ardaigh an t-uisce i dtreo an staighre é. Thug sé cuntas ar na himeachtaí agus dúirt sé, ‘Leag fórsa an phléasctha mé agus fágadh ar leath-aithne mé. Fágadh sa dorchadas sinn agus uisce na farraige ag réabadh isteach...’ Léim sé isteach i mbád tarrthála. Tar éis uair an chloig nó dhó leo le sruth ar bharr uisce, rinne scriostóir Cabhlach na Breataine [cineál loinge] sinn a tharrtháil. Tógadh mé go stáisiún na Croise Deirge



Stampa Cuimhneacháin eisithe ag An bPost sa bhliain 2018.

<sup>4</sup> See: <https://www.rmsleinster.com> and the National Maritime Museum of Ireland <https://www.mariner.ie> .

<sup>5</sup> Philip Lecane, *Torpedoed! The RMS Leinster Disaster* by Philip Lecane, Periscope Publishing (2005), pages 145 - 147.

i nDún Laoghaire, áit a bhfuair mé gach aird. Tugadh marcaíocht dom ina dhiaidh sin i leoraí míleata chuig Ardoifig an Phoist agus thuirling mé ansin mar níor theastaigh uaim dul chuig an ospidéal.' D'imigh John abhaile ar a rothar chuig a theaghlach, a bhí tar éis scéal an bhá a chloisint cheana féin.


D'fhan cuimhní an lae sin le Seán ar feadh a shaoil. 'Ní dócha go ndéanfaidh mé dearmad riamh ar eachtraí an lae sin. Ach tá eachtra amháin dóite i m'aighe chuimhne, nuair a thit an Leinster síos ina huaigh agus na céadta duine a fheiscint nár féidir leo éalú sular thug an long iad anuas léi.' Fuair John Higgins bás sa bhliain 1955 agus adhlacadh i reilig Ghlas Naíon é.

## ■ Charlotte Foley

Bhí cónaí ar Charlotte Foley ar Bhóthar Laighean, i Ráth Maonais, Baile Átha Cliath. Bhí sí pósta le Thomas Foley a bhí fostaithe mar chléireach ag Bárdas Bhaile Átha Cliath. Bhí deartháir Charlotte ina shaighdiúir in Arm na Breataine. Gortaíodh go dona é sa Fhrainc agus tugadh chuig ospidéal i Sasana é. Bhí Charlotte agus a fear Thomas, ar a mbealach chun cuairt a thabhairt air nuair a ionsaíodh an R.M.S. Leinster. Níor tháinig an lánúin slán as. D'fhág siad deichniúr leanaí ina ndiaidh agus thug deirfiúracha Thomas aire dóibh ina dhiaidh sin. Adhlacadh Charlotte i Reilig Glas Naíon.

## ■ Thomas Esmonde

Ba as Inis Córthaidh, Co. Loch Garman é Thomas Esmonde agus bhí baint mhór aige leis an talmháocht. Bhí sé ina chathaoirleach ar Chumann Feirmeoirí Loch Garman. Thuairiscigh na nuachtáin go raibh sé ag taisteal go Londain ar chúis ghnó nuair a lonsaíodh R.M.S. Leinster. Fuair sé bás ag aois 53 bliana. Déanann an t-inscríbhinn ar a leac uaigne tagairt don bhá.



## A. Príomhfhoinsí: Ag Obair mar Staráí

### 1. Sliocht as tuairisc sa The Belfast Newsletter, 11 Deireadh Fómhair 1918

#### THE BELFAST NEWSLETTER, OCTOBER 11

Dúirt saighdiúir scaoilte ón Nua-Shéalainn, a bhí ar cuairt ar chairde i gContae na Gaillimhe, go raibh líon iomlán paisinéirí ag an long (an Leinster), agus go raibh criosanna tarrthála, a chuir siad orthu agus iad ag imeacht ón gcuan, á gcaitheamh ag beagnach gach duine acu. "Bhí mé thíos," ar seisean, "nuair a chuala mé torann uafásach, agus, ag brostú suas ar an deic mé, fuair mé amach go raibh na báid á n-íslú, agus na mná agus na leanaí á gcur isteach iontu. Bhí na focail 'fomhuirí' agus 'toirpéad' ar bheola gach duine agus bhí go leor sceitimíní ann, ach ní raibh aon scaoll ann. Bhí toirpéad tar éis posta deiridh na loinge a bhualadh, agus chroith sé í ar nós duilleoige. Bhí pléascadh uafásach ann, agus, i mo thuairim, ní foláir gur mharaigh sé na fir sa stóclann. Ach fiú ina dhiaidh sin d'fhan an Leinster ar bharr na farraige. Bhí na hinnill fós ag obair, agus bhí iarrachtaí á ndéanamh acu chun filleadh ar an gcaladh. Ach cúpla nóiméad ina dhiaidh sin scaoileadh toirpéad eile, agus chríochnaigh sé sin í. Thosaigh an Leinster ag

dul síos, agus d'imigh siad as radharc go luath. Ní féidir liom dearmad a dhéanamh riamh ar an nóiméad sin, mar cé gur chuir formhór na ndaoine na sceitimíní faoi chois, bhí go leor mná le leanaí ag scréacadh agus ag glaoch chun cabhair a fháil. Bhí ruaille buaille ar siúl i ngach áit. Ardaíodh a lán daoine isteach sna báid, ach is dóigh liom gur iompaíodh an chuid is mó de na báid bun os cionn, i bpáirt mar gheall ar sú na loinge agus go i bpáirt mar gheall ar an bhfarraige gharbh. Bhí mé ar dhuine iad siúd a chuaigh isteach i mbád, ach d'iompaigh sé béal faoi nuair a bhuail sé an uisce. Rug mé ar an mbád a bhí bun os cionn, mar a rinne daoine eile ... Faoi dheireadh dhreap mé suas ar rafta, agus rug mé greim air go dtí gur piocadh suas ón bhfarraige mé. Sábháladh a lán daoine, fiú tar éis do na báid iompú bun os cionn, mar go rug said greim daingean ar an smionagar."



## ■ Obair Béirte / Grúpa

1. Scrúdaigh an phríomhfhoinsé seo. Cén fhaisnéis atá nochtaithe inti faoi bhá an R.M.S. Leinster?
2. Céard iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le cuntas pearsanta a úsáid mar phríomhfhoinsé?
3. Is agallamh nuachtáin í an fhoinsé seo. An féidir leat smaoineamh ar chuntais pearsanta de chineálacha eile?

## ■ Gníomhaíochtaí Ceachta Ginearálta

1. Le haghaidh cén obair a bhí úsáid á bhaint as an R.M.S. Leinster?
2. Cén tionchar a bhí ag an gCéad Chogadh Domhanda ar na longa a bhí i mbun oibre ar an Muir Ceilteach agus ar Mhuir Éireann?
3. Tabhair cúis amháin chun rannpháirtíocht Mheiriceá sa Chéad Chogadh Domhanda a mhíniú.
4. Cén dáta ar tháinig deireadh go hoifigiúil leis an gCéad Chogadh Domhanda?
5. Cad a d'fhoghlaim tú ó chuntas John Higgins?
6. Bunaithe ar do staidéar ar an am atá thart, an bhféadfá smaoineamh ar imeachtaí stairiúla eile a tharla sa bhliain 1918?

## B. Pléigh 3-2-1

### Aithin agus aontaigh ar:

- 3 – Na fíricí faisnéise nach raibh ar fios an ghrúpa cheana féin.
- 2 – Na ceisteanna atá agaibh faoin tráth seo sa stair.
- 1 – An fíric is spéisiúla nó is iontaí dar libh sa cheacht.

## C. Cruthaigh agus Pléigh

### Obair Aonair nó Obair Phéire / Grúpa

Déantar imeachtaí stairiúla a chomóradh ar bhealaí éagsúla, ina measc siúd stampaí poist speisialta a eisiúint. D'eisigh An Post an stampa thuas chun comóradh céad bliain ó bhádh an R.M.S. Leinster a chomóradh.

1. Céard iad na buntáistí a bhaineann le hócáid a chomóradh trí eisiúint stampa poist?
2. An féidir leat smaoineamh ar aon feachtais nó eachtraí a raibh cuimhne orthu le déanaí agus a fógraíodh trí stampa a eisiúint?
3. Roghnaigh ócáid stairiúil amháin ar mhaith leat a chomóradh. Déan dearadh do stampa comórtha a léiríonn agus a chomórann an ócáid seo. Scríobh alt freisin chun do dhearadh a mhíniú. Chun tús a chur ar an obair, tarraing teimpléad den stampa agus cuir do dhearadh taobh istigh den teimpléad.

Nó

Samhlaigh gur tuairisceoir nuachtáin tú i mí Dheireadh Fómhair nab liana 1918. Scríobh tuarascáil chun léitheoirí a chur ar an eolas faoi bhácáil an R.M.S. Leinster. Cuimhnigh na 6 C-anna: Cé, Cad, Cathain, Cá háit, Cén fáth agus Conas a áireamh? Déan iarracht bunábhar foinsé a aimsiú le cur san áireamh i do thuairisc.

## ■ Léamh Breise:

Chun tuilleadh eolais a fháil ar an R.M.S. Leinster agus na daoine a bhí ar bord, déan cuairt ar: <https://www.rmsleinster.com/> and <https://www.mariner.ie/>